

© Clare Keogh, Dowtcha Puppets Co. Tógtha ag Gailearaí Crawford, 2019.

## Fáilte go Leabhar na nGníomhaíochta de chuid Ghailearaí Crawford!

Anseo ag Gailearaí Crawford, geallaimid spás a chur ar fáil chun an tsamhlaíocht a bheathú, an chruthaitheacht a spreagadh agus an éagsúlacht a cheiliúradh.

Tá ár bhFoireann Foghlama agus Cuardaigh tiomanta do chláir, chomhpháirtíochtaí, imeachtaí agus acmhainní a thairiscint a spreagann gach éinne a bheith fiosrach agus a bheith cruthaitheach, ó chuairteoirí le mór-thaithí acu ar an ngailearaí go dtí iad siúd ag teacht ar ealaín nó ag fáil amach faoinár mbailiúchán den chéad uair.

Tá Leabhar na nGníomhaíochta seo curtha le chéile ag an bhFoireann Foghlama agus Cuardaigh i dteannta le roinnt ealaíontóirí agus oideoirí a n-oibríonn go minic leis an nGailearaí, ag cabhrú linn ár gcláir a thabhairt chuig raon na lucht féachana is fairsinge is féidir. Tá sé i gceist go mbeadh na gníomhaíochtaí atá deartha acu thar a bheith spéisiúil agus léiriú na healaíona agus freagraí ar leith á spreagadh acu, atá thar a bheith oiriúnach chun bá isteach iontu cibé uair agus cibé áit a bhíonn an chruthaitheacht ag glaoch.

Tá súil againn go dtaitníonn Leabhar na nGníomhaíochta seo leat agus táimid ag tnúth le fáilte a chur romhat chuig Gailearaí Crawford an chéad uair eile a thagann tú go dtí Cathair Chorcaí.

Mary McCarthy

Stiúrthóir

Lúnasa 2020

Crawford Art Gallery Learn And Explore

Léaráidí Roth Chairr: Danielle Sheehy

Dearadh Grafach: Kieran O’Connor

Arna fhoilsiú ag Gailearaí Crawford

ISBN: 978-1-874756-32-3

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar bhealach ar bith, leictreach nó meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh nó aon chóras stórála agus aisghabhála eile gan cead i scríbhinn a fháil ó na foilsitheoirí.

© 2020 Na rannpháirtithe as a gcuid téacsanna agus íomhánna

Gailearaí Crawford
Plás Emmet,
Corcaigh
Éire
Guthán: + 353 21 480 5042
Gréasán: crawfordartgallery.ie



## I leith na nÚdar agus na Scríbhneoirí

Tá **Gillian Cussen** ag obair mar ealaíontóir-éascaitheoir do chlár Lonradh i nGailearaí Crawford agus i dtithe altranais éagsúla do daoine a bhfuil caillteanas cuimhne orthu. Déanann sí líníocht ina gairdín tuaithe agus ina stiúideo i dtuaisceart chontae Chorcaí.

Is maisitheoir í **Annie Forrester** atá dírithe ar dhraíocht agus ar choitíantacht an tsaoil agus ar chúrsaí sóisialta agus polaitiúla na hÉireann. Bunaithe i gCorcaigh, mhúin sí ranganna ealaíne do dhaoine óga agus chuir sí le go leor tionscadal ag Gailearaí Crawford.

Tugann **Julie Forrester** faoin líníocht, dealbhóireacht, suiteáil grianghrafadóireachta agus beochan ina stiúideo. Bíonn ceardlanna ealaíne á n-óstáil aici, Campaí Samhraidh Beochana do leanaí á reáchtáil aici agus tá sí ina heagarthóir den Chlub Déardaoin, clár déantús na healaíne do sheanóirí, i nGailearaí Crawford.

D'oibrigh **Mary Galvin** mar éascaitheoir na n-ealaíon le blianta fada sa Ghnáthoideachas agus san Oideachas Speisialta, agus stiúrann sí ranganna ealaíne do leanaí i nGailearaí Crawford. Is ealaíontóir cleachtach í a oibríonn den chuid is mó leis an bpéint.

Is maisitheoir agus ealaíontóir pobail í **Hazel Hurley** atá lonnaithe i gCorcaigh a bhfuil a saothar dírithe ar théamaí an cheartais shóisialta agus an chomhionannais. Mhúin Hazel ealaín do dhaoine óga i nGailearaí Crawford agus cuireann sí leis an tsraith Talking Pictures ar líne ar shuíomh Gréasáin an ghailearaí.

Is oide ealaíne í **Julie Kelleher**, atá ag obair i mbunscoileanna agus i nGailearaí Crawford le leanaí agus daoine fásta de gach cumas, agus tá an díograis aici a grá agus a fonn don ealaíon a roinnt. Oibríonn sí go gairmiúil sa mhínealaín agus déanann sí iniúchadh ar réimse fairsing na n-ábhar sa phéintéireacht agus sa dealbhóireacht; sí an ghloine dhaite an spéis is déanaí atá aici.

Is ealaíontóir agus éascaitheoir í **Lynda Loughnane**. D'oibrigh sí le grúpaí de gach aois ar thionscadail ealaíne ón mbliain 2004, lena n-áirítear ullmhú na bpunainne, scileanna na líníochta agus ranganna ealaíne do theaghlaigh i nGailearaí Crawford.

Is éascaitheoir ceardlainne í **Avril O'Brien** i nGailearaí Crawford. Mar amharcealaíontóir, mar Chomhlach na Chruthaitheachta do Scoileanna Cruthaitheacha agus mar mhúinteoir na healaíne, tá Avril dírithe ar an gcruthaitheacht i suíomhanna an oideachais.

Tá céim sa tSibhialtacht Chlasaiceach ag **Hazel Scully** ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Oibríonn sí mar threoraí turais i nGailearaí Crawford.

Is ealaíontóir í **Inge Van Doorslaer** atá lonnaithe i gCathair Chorcaí. D'oibrigh sí mar éascaitheoir ar thionscadail éagsúla na n-ealaíon pobalbhunaithe le Gailearaí Crawford.

# Erna II Ealaíontóir: Otto Dix (1891 – 1969)




C AG.3021 Otto Dix, Erna II, 1961, liteagraf, 89.4 x 60 x 3.5 cm. Deonta 2015. © an ealaíontóra

Rinne an t-ealaíontóir Gearmánach Otto Dix, a léirigh go leor saothar ina raibh leanaí iontu níos déanaí ina ghairmré, an cló seo. Ina chuid saothar, ba mhinic a bhain Dix úsáid as stíleanna cartúnacha agus a chuid ábhar á léiriú aige. Nílimid cinnte cé arbh í Erna, an cailín a léirítear anseo, ach tosaíonn ár gcuid samhlaíochta ón bpointe sin!



An Gníomhaíocht curtha le chéile ag: **Annie Forrester**

## Gníomhaíochtaí

Ní bhaineann an Ealaíon i gcónaí leis an bpictiúr gan locht a phéinteáil. Baineann sé go minic le hanam an ruda nó an duine a ghabháil. B'fhéidir nach n-aithneodh tú an Erna seo má shiúil tú thairsti ach b'fhéidir go nglacfá faoi dhó í má chonaic tú í sa scuaine lasmuigh de Lidl, le dreach céanna an leadráin ar a haghaidh.

Déanfaimid triail anseo leis an líne bhríomhar de chuid Otto. Más mian leat do luas a mhéadú (agus le méid an spraoi faoi dhó!), faigh clog agus faigh amach an méid is féidir leat a chruthú i 30 soicind. Ansin gearr síos é go dtí 10 soicind!

Maidir leis na cleachtaí seo, is féidir leat Erna a tharraingt mar a rinne mé féin nó is féidir leat duine sa tseomra atá i do theannta  a roghnú. Bain triail as a chéile a tharraingt ag an am céanna agus déan a leithéid a babhtáil. Déan líníocht de do pheata!




### Súile in Airde:

Cuir d'uirlis leis an bpáipéar agus breathnaigh suas ar d'ábhar. Tosaigh ag tarraingt agus ná tóg do shúile ó gach éinne atá á tharraingt agat. Ná féach síos ar an bpáipéar go dtí go bhfuil an líníocht críochnaithe agat.

### Súile Dúnta:

Smaoinigh go dian ar an duine nó ar an bpeata atá á tharraingt agat, ansin cuir d'uirlis ar pháipéar agus tosaigh. Le do chuid shúile dúnta go daingean, ná déan aon sracfhéachaint ar an leathanach go dtí go bhfuil tú críochnaithe.








### Líne leanúnach:

Is féidir leat breathnú ar an ábhar AGUS ar an leathanach an babhta seo. Bí cúramach agus tú ag roghnú an chuid ar a thosaíonn tú. Cuir do pheann luaidhe ar an leathanach agus tosaigh ag tarraingt. Níl cead agat do pheann luaidhe a ardú ón bpáipéar ag céim ar bith. Bíodh misneach agat!

# Saothar Teibí

Ealaíontóir: Mainie Jellett (1897 – 1944)



Mainie Jellett, Abstract Composition, c.1935, ola ar chanbhás, 104 x 81.5 cm. Deonta ag Friends of the National Collections of

Pictiúr Ciúbaíoch is ea *Abstract Composition* leis an ealaíontóir Mainie Jellett a rugadh i mBaile Átha Cliath. Gluaiseacht ealaíne is ea an Ciúbachas a léiríonn rudaí de réir cruthanna geoiméadracha ar nós cearnóga, ciorcail nó dronuilleoga. Taispeánann saothair an Chiúbachais gach taobh den ábhar ag an am céanna!



Gníomhaíocht curtha ar fáil ag: **Avril O'Brien**


# Gníomhaíochtaí




Sa ghníomhaíocht seo, déanfaimid móibíl agus úsáid a bhaint as ciorcail de pháipéar gléineach.

- Faigh roinnt páipéar gléineach - as málaí siopadóireachta, pacáistiú nó páipéar péinteáilte.
- Féach ar na dathanna a chuir Mainie Jellett le chéile: imreacha gorma, glasa, buí, donna.
- Déan ciorcail de mhéideanna éagsúla, agus úsáid a baint agat as claibíní chun á rianú timpeall agus chun á ngearradh.
- Bain triail as dathanna na CIORCAIL COMHLÁRNACHA seo - ciorcail de mhéideanna éagsúla leis an lárphointe céanna.

## SPRAOI LE CIORCAIL




1. Fill ciorcal ina DHÁ CHUID, gearr é agus greamaigh le gliú é le LÁN-CHIORCAL.



2. Fill ciorcal níos lú ina DHÁ CHUID, ansin fill arís ina DHÁ CHUID é chun CEATHRÚ a dhéanamh.
3. Gearr amach CEATHRÚ amháin. Anois tá dhá chruth spéisiula agat!
4. Greamaigh an cheathrú le gliú le LÁN-CHIORCAL den mhéid céanna.
5. Is féidir é seo a ghreamú le chiorcal níos mó. • Bain triail as na dathanna agus an gciorcail níos lú agus lean as á nglúáil ar bharr na gCIORCAL COMHLÁRNACH níos mó.


## MAKING THE MOBILE




*Sé an TRASTOMHAS ná fad na líne trí LÁR-PHOINTE an chiorcail. Sa chás seo, is 20 ceintiméadar ar fhad é.*

*Sé atá sa GHA ná LEATH faid an TRASTOMHAIS. Díríonn an peann luaidhe ar an bhfad 10 ceintiméadar. Sé seo an GA.*

6. Gearr líne feadh an GHA den dhá chiorcal agus CUIR ISTEACH a chéile iad.
7. Cuir dhá pholl ann. Tarraing dhá phíosa téad tríothu chun do mhóibíl a chríochnú!





# The Goldfish Bowl Ealantóir: Walter Osborne (1859 –1903)



CAG.15 Walter Osborne, *The Goldfish Bowl*, c.1885, ola ar chanbhás., *76 x 64 cm*. Arna cheannach, 1925 (Ciste

Ealaíontóir Éireannach ab ea Walter Osborne a phéinteáil go leor radhairc de leanaí, d’ainmhithe, agus den ghnáthshaol sa bhaile agus lasmuigh de le linn a ghairmré. Sa phictiúr seo tá beirt chailíní óga ag scrúdú babhla d’iasc órga i gcathaoir chompordach; sí neacht an ealaíontóra í an cailín sa philirín bán. Léiríonn an pictiúr seo tionchair an Impriseanachais, stíl phéintéireachta a dhíríonn ar mheon ar leith an nóiméid agus na gluaiseachtaí a bhain leis a ghabháil sula n-imíonn siad ar shiúl!



Gníomhaíocht curtha ar fáil ag: **Gillian Cussen**

# Gníomhaíochtaí

Cé g ndearnadh an phictiúr seo a phéinteáil breis agus céad bliain ó shin, is féidir leis fós sinne a spreagadh chun smaoineamh fúinn féin agus faoi na hainmhithe a chónaíonn inár measc. Tá an pictiúr seo cosúil le scéal a insint trí dhath, sa chás seo tar éis á phéinteáil le péint ola. Nuair a bhreathnaíonn tú ar an bpictiúr seo:

Cad a fheiceann tú?

An bhfuil rud ar bith ag tarlú sa phictiúr? Cén fonn atá ar na cailíní, dar leat?

An bhfuil buille faoi thuairim agat maidir leis an bhfonn a d'fhéadfadh a bheith ar na héisc?

Conas a bhraitheann tú féin i leith an phictiúir?

Le úsáid a bhaint as peann luaidhe, criáin nó péint agus píosa páipéir, is féidir leat scéal 'The Goldfish Bowl' a athrú. Tá sé de rogha agat cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin!

An bhfuil rud éigin eile le déanamh ag na cailíní? Nó áit éigin le dul?

Cad mar gheall ar na héisc? Cad is ainm dóibh? Ar mhaith leo a bheith áit éigin eile?



# Radharc ar Chorcaigh ó Phlás Audley

Ealaíontóir: John Butts (1728 –1764)



John Butts, *View of Cork from Audley Place*, c.1750, ola ar chanbhás, 72.5 x 120 cm. Deonta, 2005

Cad is mar radharc ann! Is ceann de na pictiúirí is cáiliúla i mbailiúchán an Ghealairí é seo, toisc go dtugann sé léargas dúinn ar an gcuma a bhí ar Chathair Chorcaí san ochtú haois déag. Agus scrúdú níos déine á dhéanamh agat, b'fhéidir go bhfeicfeá roinnt foirgneamh agus sainchomharthaí a bhfuil aithne agat orthu! Tá beirt ag comhrá sa tulra agus iad ag dul i dtreo an chathair chalafoirt bríomhar seo.

Tógadh an foirgneamh ina bhfuil Gailearaí Crawford lonnaithe inniu timpeall cúig bliana is fiche sular críochnaíodh an pictiúr seo. **An féidir leat á fháil sa phictiúr?** Tá tuilleadh eolais agus gníomhaíochtaí spraíúla atá bunaithe ar an bhfoirgneamh ar a fáil ar leathanaigh 14 agus 15!



Gníomhaíocht curtha ar fáil ag: **Hazel Hurley**

# Gníomhaíochtaí

### Tráth na gCeist, Focail Béarlagair Chorcaí

An féidir leat focail béarlagair Chorcaí a mheaitseáil leis na pictiúir? B'fhéidir go n-iarrfaidh tú ar dhuine níos sine as Corcaigh, cosúil le comharsa nó seantuismitheoir, cabhrú leat. Tá na freagraí le fáil ar chúl an leabhair.

Bazzer Gatch Feen Balm out Beoir Sconce
Rasa Ecca Hopper Ucks Pana







An féidir leat focail béarlagair eile ó Chorcaigh a fháil amach? An féidir leat an brí le '*Up for the ba'* a fháil amach?
Ceann maith atá ann!

### Shamhlóimis!

Anois go bhfuil roinnt focal Chorcaí ar eolas agat, an bhféadfá a shamhlú cad atá á rá ag an mbeirt 'feens' Chorcaí lena chéile sa phictiúr seo? D'fhéadfá úsáid a bhaint as cuid de na focail ó thráth na gceist thuas!



# Portraits of Barry and Burke in the Guise of Ulysses and his Companion Fleeing from the Cave of Polyphemus

Ealaíontóir: James Barry (1741 – 1806)



James Barry, *Portraits of Barry and Burke in the Characters of Ulysses and a Companion fleeing from the cave of Polyphemus*, c.1776, ola ar chanbhás, 127 x 102 cm. Deonta 1956.



Gníomhaíocht curtha ar fáil ag: **Hazel Scully**

Chum James Barry , ealaíontóir a rugadh i gCorcaigh beagnach trí chéad bliain ó shin, an pictiúr seo. Sa phictiúr seo, bhain an t-ealaíontóir úsáid as an miotas dar theideal An Odaisé ag an scríbhneoir ársa Gréagach Homer. Insíonn sé scéal an laoich, Odysseus, atá ar thuras an-fhada abhaile tar éis Chogadh na Traí, troid idir cathair na Traí agus na Gréagaigh. Sa scéal, buaileann Odysseus agus a chuid fear le hollphéist aon-shúl darb ainm Cyclops, a thosaíonn ag ithe cuid acu nuair a thiteann siad ina gcodladh! Sa phictiúr seo, taispeántar iad ag éalú ó uaimh an Cyclops.

# Gníomhaíochtaí

Smaoinigh ar cad a thug Odysseus leis ar a thuras. Lig ort gur laoch nó banlaoch Gréagach tú ar thuras mór freisin. Tarraing tú féin agus na hearraí a thabharfá leat.

Tarraing pictiúr de theaghlach an Cyclops. An bhfuil siad go léir ar leath-shúil freisin?

Smaoinigh ort féin sa phictiúr. Cén carachtar a bheadh agat? Tarraing tú féin agus do chairde mar charachtair an scéil.

Tarraing na rudaí a cheapann tú a tharla ina dhiaidh sin sa scéal, agus tú féin agus cara leat nó ball teaghlaigh á n-úsáid agat. Cén fáth nach ngléasfaidh tú suas i mbréigéide chun cabhrú le do shamhlaíocht a chur ar siúl??

Ba bhreá le Barry daoine a bhí gléasta suas mar charachtair ó scéalta a phéinteáil.
Shocraigh sé air féin agus ar a chara Edmund Burke a chur isteach sa phictiúr seo, chun a bheith cinnte de!
Dar leat, cén fáth go bhfuil a mhéar ar a bheola ag Edmund Burke?



# Gealaraí Crawford: An Foirgneamh



CAG.2107 Cnoc Artúir, Radharc ar Sheanteach an Chustaim (anois Gealairí Crawford), 1862, uiscedhath ar pháipéar,




CAG.1790 Charlotte Kennedy, Teach an Chustaim Chorcaí 1724, 1995, uiscedhath agus dúch ar pháipéar, 39 x 63 cm. Ceannaithe, 1997. © an t-ealaíontóir.



Grianghraf: Jed Niezgoda

Is féidir le foirgnimh athrú go mór le himeacht ama, ar an mbealach a bhreathnaíonn siad lasmuigh agus istigh. Fiú mura n-athraíonn codanna áirithe den fhoirgneamh, is féidir an chaoi a úsáidtear an foirgneamh athrú.

Mar shampla, an raibh a fhios agat nach gailearaí a bhí i nGailearaí Crawford i gcónaí?


Thosaigh sé ar ais sa bliain 1724 mar Theach an Chustaim Chorcaí. Bhí an foirgneamh seo i bhfad níos lú ná mar atá sé anois, agus bhí taobh amháin ag féachaint amach ar an abhainn agus an taobh eile ar chanáil. Ní raibh Áras na Ceoldrámaíochta ann ag an am agus ba chanáil a bhí san áit ina bhfuil Plás Emmet anois! Sheoladh longa seoltóireacht suas go Teach an Chustaim, áit a ndéanfaí na hearraí a bhí á n-iompar acu a mheá agus a cháin.



Gníomhaíocht curtha le chéile ag: **Inge Van Doorslaer**

# Gníomhaíochtaí

Have a look at this drawing and see if you can find the Custom House building!



CAG.2602 Thomas Chambers, *Panoramic View of Cork* [taken from Smith' s History of Cork], 1750, engraving on paper, 18 x 64



Grianghraf: Jerome Arrigan

San ochtú haois déag nuair ba Theach an Chustaim é an foirgneamh, baineadh úsáid as an anann go forleathan mar shiombail na fáilte, an tsaibhris agus na tábhachta. Ag an am bhí anann thar a bheith costasach agus annamh in Éirinn: thaispeánfadh iad siúd a bhí in acmhainn dóibh trí anann a fháil ar cíos ar chostas mór le taispeáint ag imeachtaí tábhachtacha! Tá anann cloiche le fáil ar roinnt foirgneamh i gCorcaigh ón am seo, iad snoite as aolchloch bhán. Is dócha go raibh a leithéid i bhfad níos éasca agus níos saoire ná an rud fíor a fháil!


Tá na hanainn le feiceáil fós ar fhoirgneamh Gealaraí Crawford. An féidir leat á n-aimsiú?

Dá mbeifeá ag iarraidh rud éigin eile a chur ann mar shiombail na fáilte, cad a d'úsáidfeá?

B'fhéidir go bhféadfá rud éigin eile a tharraingt, nó roinnt comharthaí na fáilte a dhéanamh le cur os comhair do theach.What would they be?

Conas a d'athrófá do theach dá gcinnfeá á dhéanamh ina ghailearaí?

Cén cineálacha rudaí a chuirfeá ann? Déan plean den chuma a bheadh air!



# At Length Burst in the Argent Revelry

Ealantóir: Harry Clarke (1889 – 1931)



CAG.89 Harry Clarke, *At Length Burst in the Argent Revelry (Deartha le haghaidh fuinneog Oíche Úna Naofa)*, c.1923, uiscedhath agus dúch ar pháipéar, 30 x 20.9 cm. Ceannaithe ón Ealaíontóir, 1924 (Ciste Tiomnachta Gibson)

Is sceitse an tsaothair a rinne Harry Clarke d'fhuinneog gloine dhaite é seo. Léiríonn sé radharc ón ndán darb ainm "The Eve of St Agnes" a scríobh John Keats. Baineann an dán le scéal grá a bhaineann le brionglóid. D'inis Clarke an scéal seo i sraith íomhánna, díreach cosúil le leabhar grinn! Léiríonn an íomhá seo cóisir ar fhreastail na príomhcharachtair, Madeleine agus Porphyro, air ag tús an scéil



Gníomhaíocht curtha le chéile ag: **Julie Forrester**

# Gníomhaíochtaí

## Tráth na gCeist!

How Conas a léiríonn an t-ealaíontóir go bhfuil sé san oíche? Cén fonn atá gorm duitse?

Conas a éiríonn leis an ealaíontóir meoin na féile a chruthú? Cé mhéad imreacha gorma atá ann?

Conas a chruthaigh an t-ealaíontóir na gormacha éagsúla seo, dar leat?

## Scrúdaigh an íomhá go cúramach.

Cén ord péinteála a úsáidfeá chun an íomhá seo a chruthú?


D'fhéadfá tosú leis an nigh ghorm is géire ar fud an radhairc iomláin. Séard atá i nigh ná cóta tanaí péint nó dúch atá caolaithe le mórán uisce.

Imlínigh na carachtair le peann luaidhe, agus na mionsonraí á dtarraingt agat.

Ansin déan roinnt éagsúlachtaí a thógáil trí nigh liath a chur ar bharr an ghorm is géire - is féidir leat a leithéid a fheiceáil ar an bhfigiúr lárnach sa sceitse.

Ansin, líon isteach washes níos láidre agus sonraí gorm chun na cruthanna agus na patrúin éagsúla a chruthú.

Sa sceitse seo, ritheann spotaí dubhdhearg isteach sa phéint fhliuch le haghaidh béimeanna an tseodra a léiriú agus snámhann mionsonraí bána ar a bharr, chun láithreacht súilíneach gléineach a chruthú. Úsáidtear an imir dhubh le haghaidh ghruaig na bhfigiúirí agus le haghaidh frámaithe. Fágann Clarke spásanna beaga bídeacha i gceantair áirithe dubha chun poill gléigeala gorma agus dearga a chruthú, mar an gcaoi a thagann an solas trí ghloine.



## Gar-Amharc!

Cén fáth, dar leat, go bhuil an gar-amharc aisiompaithe anseo?

Bain triail as á chóipeáil. Cruthaigh do bhreathnadóir féin trí fhuinneog chearnach a ghearradh as píosa bán páipéir agus an chearnóg atá roghnaithe agat a chóipeáil.

# Vása agus clúdach Síneach ón 18ú haois Elaaíontóir: Gan fios



CAG.2393 Vása agus clúdach Síneach anaithnid, 18ú haois (1 as 2), ceirmeach, H

Is cineál ábhar ceirmeach é poirceallán a dhéantar as cré bán mín a fhaightear san ithir. Ceaptar gur tháinig sé sa tSín breis agus 2,000 bliain ó shin! Rinne máistir ceirde an vása poirceallláin seo, san ochtú haois déag is dócha. Nuair a bhí an vása cumtha, loisceadh in oigheann te é ar a dtugtar áith. Péinteáladh ansin é le glónraí daite agus bácáileadh arís é.



Gníomhaíocht curtha le chéile ag: **Julie Kelleher**

# Gníomhaíochtaí

## Do phota maisiúil féin a dhéanamh

Na hábhair ag teastáil:

Cré a thriomaíonn san aer, clár adhmaid nó éadach trom, crann fuinte, scian samhaltú cré plaisteach, pinn luaidhe nó marcóirí dathúcháin peann luaidhe agus páipéar aicrileach, péint nó póstaer.

Déan cur síos ar an vása álainn Síneach seo, an cruth aige, an radharc péinteáilte agus na dathanna. Déan mórán sceitsí de na plandaí agus de na créatúir fíora nó samhailteacha, ar mhaith leat a chur agus a phéinteáil ar do phota féin.

Fáscadh:

Tóg píosa cré atá ar mhéid is féidir leat a choinneáil go compordach i do bhos. Rollaigh isteach idir do lámha i liathróid é.

Coimeád an liathróid i do bhos agus brú ordóg do láimhe eile go réidh isteach sa lár chun logán a dhéanamh. Ná brú an ordóg tríthi!

Ag coinneáil an chré fós i lámh amháin agus le d'ordóg ar an taobh istigh más féidir, brúigh balla na cré suas go réidh. Tar éis gach brú, ba chóir duit an pota a iompú beagáinín, agus próiseas casaigh agus fáscaidh á fhorbairt agat. Cleachtaigh é.

Plandaí agus ainmhithe:

Roll an chré amach go tiús¾ cm. Tarraing éan nó planda ar an gcré. Gearr timpeall air. Greamaigh é



# Teilgin Canova agus na Gailearaithe na nDealbh

Ealaíontóir: Antonio Canova



Grianghraf: Gealaraithe na Dealbhóireachta, Jed Niezgoda

Ba bhrontannas do mhuintir Chorcaí iad na Teilgin Canova, dhá theilgean (nó chóip) deilbhe déag agus chuidigh siad le bailiúchán Ghailearaí Crawford a thosú. Rinneadh iad faoi mhaoirseacht an dealbhóra cáiliúil Iodálach, Antonio Canova, breis agus dhá chéad bliain ó shin. Léiríonn go leor acu carachtair as scéalta Sean-Ghréagacha agus Rómhánacha. Chabhraigh na deilbh seo le mórán mac léinn ealaíona foghlaim conas corp an duine a tharraingt thar na blianta! Anois is féidir á bhfeiceáil i nGailearaithe gorma geala na nDealbha ar bhunurlár Gailearaí Crawford.



CAG.715 Antonio Canova, *An Bandia Concordia*, c.1816, plástar, 185 x 115 x 81 cm. Aistrithe ó hInstitiúid Ríoga Chorcaí, c. 1849



Gníomhaíocht curtha le chéile ag: **Lynda Loughnane**

# Gníomhaíochtaí

## Sárlaoch Maorga!

Look at the images and develop your own superhero based on the Canova casts. Pick one that you like, read their story and think about what superpower they could have!

Mar shampla:

- Ceann Fánais Bhig (thíos): leath-gabhar leath-bhuachaill a bhfuil cumas maith sa cheol aige,
- An Bandia Concordia (ar an leathanach os comhair): cosantóir an cheartais agus bachail draíochta ina lámh aici.

**Déan pearsantacht do charachtair a fhorbairt. Smaoinigh ar na rudaí seo a leanas:**



Cén t-ainm atá air (ainm fíor, ainm laoich)?

Tréithe - Ciúin nó nach/cuideachtúil? An breá leis an spórt/an ealaín/an ceol/an léamh/an cuardach? An bhfuil aon rud eile le rá agat ina leaith?

Cén ábhar a b'fhearr leis ar scoil, agus conas is féidir leis úsáid a bhaint as lena shárchumhacht?

Cad é an dath is fearr leis? An

bhfuil peata aige?

Cén caitheamh aimsire/suim atá aige sa saol?

**Feisteas**

Anois tá sé in am duit éadaí a chur ar do shárlaoch. Smaoinigh ar an dath is fearr le do charachtar agus dá shárchumhacht. Ba cheart go mbeadh an éide in ann a leithéid cumhachta a fheabhsú. Tarraing pictiúr de do laoch ar leathanach scaoilte. Níl aon gá le dath ná le scáthú ag an bpointe seo. Ansin rianaigh an pictiúr seo trí do líníocht a ghreamú ar fhuinneog agus leathanach eile a ghreamú os a chionn. Ba cheart go mbeifeá in ann do bhun-líníocht bhunaidh a fheiceáil. Rianaigh faoi dhó nó faoi thrí é. Anois is féidir leat triail a bhaint as smaointe éagsúla ata agat maidir le héidí!

**Forbairt an Scéil/an Phlota**

Nuair a bhfuil tú sásta go bhfuil aithne agat ar do charachtar, déanaimis eachtra a chruthú dó! Bí cinnte go bhfuil tús (réamhrá), lár (an gníomh) agus deireadh (toradh an ghnímh seo) ag do scéal. Seo roinnt buillí faoi thuairim chun tús a chur le do smaoineamh:

Tá do charachtar ag siúl sa pháirc nuair go tobann…

Is dealbh as Gailearaí Crawford é do charachtar i ndáiríre a thagann beo san oíche agus a théann ar thóir eachtraíochta timpeall Chorcaí...

Sé buan-namhad do charachtar ná ceann de na dealbha eile (déan cinnte a phearsantacht agus a fheisteas a fhorbairt chomh maith!). Buaileann siad le chéile i gcomhrac eipiciúil!

Nó rud éigin difriúil ar fad … is leatsa an rogha!

**Tarraing do scéalchlár/stiallghreanán**

Déan an leathanach a roinnt ina chodanna, 4 ceann ar a laghad ach déan tuilleadh cinn más mian leat. Tarraing do scéal sa stiallghreanán seo. Tabhair teideal ar do scéal. Ná déan dearmad go gcaithfear tús, lár agus toradh a bheith leis an scéal!

# Evening Star Ealaíontóir: Gerard Dillon (1916 – 1971)




Gerard Dillon, *Evening Star*, c.1959, ola ar chanbhás, 30 x 40 cm. Deonta, 2006 (Great Southern Collection). © the artist's

Léiríonn *Evening Star (Réalt na hOíche)* radharc ciúin faoin tuath in Éirinn ag an ealaíontóir Gerard Dillon a rugadh i mBéal Feirste. Tá roinnt sicíní ag gobadh le feiceáil sa réamhionad agus, taobh thiar díobh, tá ballaí clocha daite agus tigíní ceann tuí leis na sléibhte agus an trá sa chúlra. Tá fear agus caipín air laistigh dá gheata ag féachaint amach orainn. B'fhéidir go bhfuil sé ar a sháimhín só i ndiaidh lá fada ag obair. An féidir leat réalt na hoíche, as a dtagann teideal an phictiúir, a aimsiú?



Gníomhaíocht curtha le chéile ag: **Mary Galvin**

# Gníomhaíochtaí


### TÓIR NA bhFOCAL

An féidir leat gach focal a aimsiú i dtóir na bhfocal thíos?

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| U | I | K | U | R | A | Q | I | S | O | K | M | C | J | W |
| G | J | S | A | V | Y | X | C | S | A | V | H | H | N | I |
| U | N | T | L | P | U | R | P | L | E | A | K | I | E | N |
| Y | S | I | F | A | R | M | H | O | U | S | E | C | T | D |
| E | E | L | N | I | N | S | S | F | S | F | R | K | I | O |
| G | R | L | R | R | D | D | A | B | E | E | X | E | H | W |
| A | N | U | L | L | O | R | E | A | D | K | P | N | W | G |
| T | V | W | E | O | M | M | T | R | Y | K | S | S | H | J |
| T | B | I | O | E | W | H | N | I | A | T | N | U | O | M |
| O | F | L | R | R | E | W | A | L | L | E | N | O | T | S |
| C | G | A | U | R | B | X | H | T | V | V | T | C | S | I |
| U | A | J | S | E | B | D | C | V | A | Q | T | J | Y | M |
| Q | T | V | K | V | S | Q | D | G | T | T | K | U | I | S |
| Q | E | B | A | D | B | Z | X | F | C | G | B | T | K | S |
| W | H | P | H | V | H | A | U | H | D | W | L | C | S | L |

BLUE
BROWN
CHICKENS
COTTAGE
FARMER
FARMHOUSE
FEATHERS
FIELDS
ISLANDER
MOUNTAIN
RED
STAR
WALL
WINDOW
GATE
MORNING
PURPLE
SKY
STONE
WHITE
YELLOW

## Na freagraí ar na ceisteanna faoi fhocail béarlagair Chorcaí




'Up for the ba!' Freagra: Leagan cainte a úsáidtear roimh rud éigin a chaitheamh suas san aer sa spórt lena ghreamú ag beirt nó a thuilleadh m.sh. liathróid nó barra seacláide.







*Hagesandros agus Polydoros Athendoros, Laocoön agus a mhic,* Bailiúchán: Gealairí Crawford, Corcaigh. Maisitheoir: Annie Forrester



Walter Osborne (1859 – 1903), *The Goldfish Bowl* c. 1885, Bailiúchán: Gealairí Crawford, Corcaigh. Maisitheoir: Annie Forrester



Mainie Jellett (1897 – 1944), *Abstract Composition* c. 1935, Bailiúchán: Gealairí Crawford, Corcaigh. Maisitheoir: Annie Forrester



Thomas Chambers (1808 – 1866), *Radharc ar Chorcaigh [tógtha as “Smith’s History of Cork”]* Bailiúchán: Gealairí Crawford, Corcaigh. Maisitheoir: Annie Forrest